**An cheist a tharchuirtear:**

An bhfuil léirmhíniú le déanamh ar Airteagal 7(1) de Threoir 2003/88/CE ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Samhain 2003 maidir le gnéithe áirithe d'eagrú ama oibre amhail is go gcuirtear cosc ar chásdlí náisiúnta faoina bhun, i dtaca le hoibrí a dífhostaíodh go neamhdhleathach agus a tugadh post ar ais dóibh, de réir an dlí náisiúnta, i ndiaidh do chúirt an dífhostú a chur ar ceal, nach bhfuil an t-oibrí sin i dteideal saoire bhliantúil íoctha don tréimhse idir dáta an dífhostaithe agus an post a thabhairt ar ais ar an mbunús, le linn na tréimhse sin, nach ndearna an t-oibrí aon obair don fhostóir, agus gurb amhlaidh an cás, de réir an dlí náisiúnta, i gcásanna ina gcuireann an t-oibrí a dífhostaíodh go neamhdhleathach in iúl don fhostóir gan moill mhíchuí i scríbhinn go n-éilíonn an t-oibrí a bheith fostaithe, go bhfuil an t-oibrí sin i dteideal cúiteamh pá nó tuarastail de mheánmhéid an tuillimh ón dáta ónar tugadh an fógra sin don fhostóir go n-éilíonn an t-oibrí leanúint sa phost go dtí go gceadaíonn an fostóir dóibh leanúint sa phost nó go dtí go gcuirtear deireadh bailí leis an gcaidreamh fostaíochta.

([1]) IO 2003 L 299, lch. 9.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Supremo Tribunal Administrativo (an Phortaingéil) a taisceadh an 2 Feabhra 2022 – Infraestruturas de Portugal, SA, Futrifer Indústrias Ferroviárias, SA v Toscca Equipamentos de Madeira Lda.**

**(Cás C-66/22)**

(2022/C 207/17)

*Teanga an cháis: an Phortaingéilis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

An Phortaingéil

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóirí:* Infraestruturas de Portugal, SA, Futrifer Indústrias Ferroviárias, SA

*Cosantóirí:* Toscca Equipamentos de Madeira Lda.

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An ionann an foras dícháilithe dá bhforáiltear in Airteagal 57(4)(d) de Threoir 2014/24/AE ([1]) agus ábhar forchoimeádta do chinneadh údaráis chonarthaigh?

2. An bhféadfaidh an reachtóir náisiúnta an cinneadh nach mór don údarás conarthach a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 57(4)(d) de Threoir 2014/24/AE a mhalartú in iomlán le cinneadh (le héifeacht chinneadh) ginearálta ón Údarás um Iomaíocht pionós breise a fhorchur, ar toirmeasc é ar rannpháirtíocht i nósanna imeachta soláthair phoiblí le linn tréimhse sonraithe, arna ghlacadh i gcomhthéacs fhorchur fíneála mar gheall ar shárú ar na rialacha iomaíochta?

3. An gcaithfear cinneadh an údaráis chonarthaigh maidir le "hiontaofacht" an eintitis eacnamaíoch i bhfianaise chomhlíonadh (nó neamhchomhlíonadh) rialacha Dhlí na hiomaíochta, lasmuigh den nós imeachta tairisceana sonraí, a thuiscint amhail go bhfuil riachtanas ann leis chun measúnú a dhéanamh bunaithe ar oiriúnacht choibhneasta an eintitis eacnamaíoch thuasluaite, arb ionann é léiriú nithiúil ar an gceart chun dea-riaracháin dá bhforáiltear in Airteagal 41(2)(c) den Chairt um Chearta Bunúsacha de chuid an Aontais Eorpaigh?

4. An bhféadfar a mheas go bhfuil an cinneadh a glacadh i nDlí na Portaingéile le hairteagal 55, mír 1, litir f) de CCP ([2]), lena bhforáiltear go bhfuil eisiamh eintiteas eacnamaíoch ó nós imeachta soláthair de bhun sárú ar na rialacha iomaíochta, arna dhéanamh lasmuigh den nós imeachta soláthair shonraigh, faoi réir an chinnidh a ghlacann an tÚdarás Iomaíochta i gcomhthéacs cur chun feidhme phionóis bhreise ar toirmeasc ar thairiscint é, arb é an tÚdarás Iomaíochta sa chomhthéacs seo a mheasann oiriúnacht na mbeart ceartaitheach arna nglacadh, i gcomhréir le Dlí an Aontais agus go háirithe le hAirteagal 57(4)(d) de Threoir 2014/24/AE?

5. An bhfuil an cinneadh a glacadh i nDlí na Portaingéile le hairteagal 70, mír 2, litir g) de CCP, lena gcuirtear teorainn ar an bhféidearthacht soláthar a eisiamh mar gheall ar fhianaise shuntasach a bheith ann de ghníomhartha, comhaontaithe, cleachtais nó faisnéis lena bhféadfaí na rialacha iomaíochta maidir leis an nós imeachta soláthair shonraigh ina n-aithneofaí na cleachtais úd a shaobhadh, i gcomhréir le Dlí an Aontais agus go háirithe le hAirteagal 57(4)(d) de Threoir 2014/24/AE freisin?

---

(1) Treoir 2014/24/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le soláthar poiblí agus lena n-aisghairtear Treoir 2004/18/CE Téacs atá ábhartha maidir le LEE (IO 2014, L 94, lch. 65).

(2) Código dos Contratos Públicos (Cód um Chonarthaí Poiblí)

---

**Achomharc arna thabhairt an 8 Feabhra 2022 ag QB i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an Ceathrú Dlísheomra) a fógraíodh an 8 Nollaig 2021 i gCás T-71/21, QB v an Coimisiún**

**(Cás C-88/22 P)**

(2022/C 207/18)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* QB (ionadaí: R. Wardyn, radca prawny)

*Páirtí eile sna himeachtaí:* An Coimisiún Eorpach

**An t-ordú atá á lorg**

Iarrann an t-iarratasóir ar an gCúirt Ghinearálta:

— an breithiúnas faoi achomharc a chur ar ceal;

agus, mar sin,

— cinntí an Choimisiúin Eorpaigh an 6 Aibreán 2020 agus an 3 Samhain 2020 a neamhniú,

nó, dá éagmais sin,

— an cás a tharchur ar ais chuig an gCúirt Ghinearálta le haghaidh breithiúnais, agus

— a ordú don Choimisiún Eorpach a chostais féin sa phróiseas agus costais an iarratasóra sa dá chéim a íoc.

**Saincheisteanna dlí agus príomhargóintí**

Mar thaca leis an gcaingean, ardaíonn an t-iarratasóir saincheist dlí amháin ina líomhnaítear sárú ar Airteagal 4(1) d'Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne agus áitíonn sé go ndearna an Chúirt Ghinearálta:

— earráid le linn príomhghairm an iarratasóra a chinneadh toisc gur thug sí neamhaird ar an obair a rinne an t-iarratasóir do Stát na Polainne agus ar a stádas mar bhreitheamh;

— earráid agus na coinníollacha faoi "obair a rinneadh do Stát eile" á shainiú aici;

— neamhaird ar an obair a rinne an t-iarratasóir do Stát na Polainne agus ar a stádas mar bhreitheamh agus theip uirthi na nithe sin a chur san áireamh agus an eisceacht "obair a rinneadh do Stát eile" á scrúdú aici.

---